

Innealtóireachta

JCt4 Nuachtlitir

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun múinteoirí a **spreagadh**, **cabhrú leo** agus **iad a chumhachtú** i leasú oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn.



2021/2022 FGL

Táimid díreach tar éis tús a chur lenár seachadadh FGL Innealtóireachta do 2021/2022. Táimid ag tnúth le bualadh leat i mbliana agus muid ag dul trí ghnéithe den mheasúnú, de na MRBna, agus den mheicitreonaic. Tá ár gcomhghleacaithe ar na foirne Grafaice agus Teicneolaíochta Feidhmí ar tí tús a chur le rolladh amach a gcuid FGL i mí an Mhárta. Mholfaimis duit clárú do na hábhair sin freisin.



Cainéal Podchraoladh Praiticiúil

Meabhúrchan beag go bhfuil ár gcaineál podchraolta féin againn ar Soundcloud, atá ar fáil [anseo](#). Sa phodchraoladh is déanaí uainn labhair muid le Bruno Donetti agus le Ronan Murray ó Ionad Oilíúna Bhaile Átha Luain agus labhair siad faoin Innealtóireacht agus faoi na cúrsaí a chuireann siad ar fáil sa spás seo.

Scaoilfear ár gcéad phodchraoladh Innealtóireachta eile ar an 28 Feabhra inar labhair muid le foireann 3T W.I.T agus I-Form faoi phriontáil 3T agus a húsáid sa seomra ranga.

Fáilte

Thar ceann na foirne Innealtóireachta, ba mhaith linn fáilte a chur romhat chuig an 10^ú heagrán de Nuachtlitir Innealtóireachta JCt4, 'Eagrán an Earraigh 2022'. Ba mhaith linn a chur i gcuimhne do na múinteoirí go léir gur féidir teagmháil a dhéanamh lenár gcomhairleoirí innealtóireachta tiomnaithe ón táb [Seo í an Fhoireann](#) ar [jct.ie](#). Ná bíodh aon leisce ort teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon cheist agat nó má theastaíonn tuilleadh cúnamh uait maidir le Sonraíocht Innealtóireachta na Sraithe Sóisearaí.



Meicitreonaic – Comhphárteanna Forlíontacha 2022



Mar chuid den lá cnuasaigh FGL ar líne a seachadadh do mhúinteoirí Innealtóireachta le linn théarma an earraigh 2021, chuir foireann SSM trealamh "Acmhainn Teagaisc agus Foghlama Mheicitreonaice" ar fáil do gach múinteoir a bhí cláraithe don cheardlann. Is forlíonadh agus leathnú é an fhoireann seo ar an trealamh a seoladh chuig scoileanna roimhe seo in 2021. Tá an loga foghlama lán de threoracha códaithe agus d'fhéiseáin tacaíochta.

Is féidir teacht ar an Loga Foghlama don lá [anseo](#).

Is féidir teacht ar chur i láthair CumhachtPhointe an lae [anseo](#).

MRB 1 - Innealtóireacht i nGníomh

Tá an tréimhse shonraithe chun MRB 1 a dhéanamh ann ón 1 Samhain 2021, go dtí an 13 Bealtaine 2022. Is féidir eolas iomlán a fháil [anseo](#), sna 'Socruithe Athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích.' D'fhéadfadh ár gcáipéis, [breithnithe tábhachtacha](#), ina leagtar amach roinnt faisnéise agus céimeanna is féidir a ghlacadh agus tú ag plé le Measúnuithe Rangbhunaithe a bheith úsáideach agus tú ag plé leis an bpróiseas. Tá an doiciméad seo, agus tacaí eile do na Measúnuithe Rangbhunaithe, ar fáil [anseo](#).

Dearadh san Innealtóireacht

Le forbairt obair chúrsa Thionscadal Innealtóireachta CSS, agus an riachtanas chun díriú go sonrach ar scileanna dearaidh scoláirí, is mó an tábhacht atá le tabhairt faoin dearadh san Innealtóireacht. Chruthaigh foireann Innealtóireachta JCt4 acmhainn a thógann tú trí straitéis a d'fhéadfadh a bheith cuidiúil leis na scileanna dearaidh a chothú i scoláirí. Sa seimineár gréasáin is déanaí againn, féachadh ar dhearadh agus cén áit le tosú leis an bpróiseas iomlán. D'úsáid muid straitéis, i gcomhpháirtíocht lenár gcomhlaigh, ar a dtugtar 'Féach, Smaoinigh, Meabhraigh'. Bhí sé mar aidhm ag an straitéis scileanna taighde scoláirí a fhorbairt tuilleadh ar bhealach a bheadh difriúil lenár triaileadh go traidisiúnta. Tá agallaimh leis na comhlaigh agus obair scoláirí le fáil sa seimineár gréasáin. Tá an taifeadadh ar fáil [anseo](#).



Comhdháil Chumann múinteoirí Teicneolaíocht Innealtóireachta

Bhí an-áthas ar fhoireann Jct4 a bheith ag comhdháil náisiúnta ETTA san ionad TUS i mBaile Átha Luain. Míle buíochas dóibh siúd a tháinig chun cuairt a thabhairt ar ár seastán agus comhghairdeas le buaiteoirí uile na nGradam Náisiúnta. Táimid ag súil go mór leis an gcéad cheann eile i Luimneach cheana féin.



STE(A)M

Tá ár bhfoireann ETI(E)M ar tí tosú ag seachadadh a gcuid FGL roghnach sna seachtainí amach romhainn. Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun clárú, cliceáil ar íomhá an phóstaer thíos.

Cumarsáid



@Jct4ed

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
 for teachers
www.jct.ie



Priontáil I-Form agus 3T

I Mí na Samhna 2021 d'fhógair muid comórtas a bhí á réachtáil ag ár gcomhpháirtithe priontála 3T, 3T W.I.T agus I-Form. D'fhéadfadh scoláirí iontrálacha a chur isteach i gceachtar de dhá fhormáid, freagraí sceitseáilte, nó freagraí DRC. Tá na freagraí bunaithe ar an treoir dhearaidh 'gléas nó córas nua a chuirfidh feabhas ar shláinte do dhéagóirí i do phobal'. Bhí an-áthas ar I-Form agus ar 3T W.I.T leis an líon iontrálacha a fuarthas. Bhí an comórtas roinnte ina dhá chatagóir, Sóisearach agus Sinsearach. Roghnaigh I-Form agus 3T W.I.T buaiteoir fiúntach agus tánaisteach sa dá chatagóir. Printéir 3T ab ea an chéad duais don dá chatagóir agus fuair na tánaistigh dearbháin do 'Cogs'. Is iad seo a leanas na buaiteoirí:



Catagóir Shóisearach	
1 st Place	Archbishop McHale College, Galway; Mo Chroí
2 nd Place	Ériu Community College, Dublin; D Box
Catagóir Shinsearach	
1 st Place	Scoil Chríost Rí Portlaoise, Laois; Vibrating Pillow Alarm
2 nd Place	St. Patrick's Secondary School, Kerry; Carbon Dioxide and Temperature Detector

Innealtóireacht ar fud an domhain timpeall orainn

Is trí dhéanamh cruach a tháirgtear idir seacht agus naoi faoin gcéad d'astaíochtaí carbóin an domhain, mar gheall ar úsáid an chóic sa phróiseas, den chuid is mó. Ag teochtá chomh hard le 1,650 ° C, imoibríonn an cóc leis an ocsaigin in amhiarann. Íonghlanann sé sin ina dhiaidh sin an t-amhiarann ina chruach leáite ach brúctar amach dé-ocsaíd charbóin le linn an phróisis. Chun an lorg carbóin sin a laghdú, d'fhorbair cuibhreas tionsclaíoch Sualannach 'Hybrit', cruach a n-úsáideann a tháirgeadh hidrigin, seachas carbón, chun an t-amhiarann a athrú. Imoibríonn an hidrigin, a shaortar ó uisce, leis an ocsaigin san amhiarann. In ionad na foirnéise soinneáin traidisiúnta, úsáidtear foirnéis seafta a théitear go 800 ° C le fuinneamh gaoithe agus le hidreachumhacht saor ó iontaisí. Scaoileann an próiseas seo hidrigin agus uisce, in ionad dé-ocsaíd charbóin. Is "iarann spúinse" a bhíonn mar thoradh a úsáidtear ansin i bhfoirnéis stua leictreach, le méid beag carbóin, chun cruach a chruthú. Deir Hybrit go bhfuil astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin ag an bpróiseas atá níos lú ná 2 faoin gcéad díobh siúd ón gcóras caighdeánach cóc-bhreoslaíthe. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi seo, cliceáil [anseo](#). Roinnt torthaí foghlama féideartha a bhaineann leis an scéal seo: 1.4, 1.5



Nuacht agus Imeachtaí

Lean ar aghaidh ag spreagadh do chomhghleacaithe clárú le nuachtlir Innealtóireachta Jct4 tríd an liosta seoltaí thall. Féach ar ár gcluaisín [nuachta agus imeachtaí](#) laistigh de rannán Teicneolaíochtaí jct.ie agus lean muid ar ár leathanach Twitter [@Jct4ed](https://twitter.com/Jct4ed). Ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh le haon bhall den fhoireann le do chuid ceisteanna trí ríomhphost. Is féidir na seoltaí ríomhphoist a fháil sa chluaisín [Seo í an Fhoireann](#) ar leathanach baile jct.ie. Mar fhocal scoir, guímid gach rath ort sa bhliain amach romhainn agus táimid ag tnúth le bualadh leat arís sa bhliain acadúil seo.

Le dea-mhéin,
The Jct4 Engineering Team

